

Beartas Príobháideachais eCúirt Teoranta

DÁTA ÓNA dTAGANN SÉ I nGNÍOMH: 01 Meán Fómhair 2018.

Folaíonn an beartas príobháideachais seo www.ecourt.ie agus gach fofhearann dá chuid. Má tá ceist ar bith agat i dtaobh an ráitis seo nó ábhar buartha ort ina thaobh, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh linn ar an gcéad dul síos ag office@ecourt.ie.

Is eCúirt Teoranta ('eCúirt') amháin úinéir na faisnéise a chuireann tú ar fáil agus a bhailítear ar www.ecourt.ie. Is cuideachta theoranta é eCúirt Teoranta atá cláraithe i bPoblacht na hÉireann agus tá téarmaí seirbhíse eCúirt agus an beartas príobháideachais seo faoi réir dhlíthe Phoblacht na hÉireann agus an Aontais Eorpaigh agus arna rialú acu.

BAILIÚ FÁISNÉISE AGUS A HÚSÁID

Ag pointí éagsúla ama bailíonn eCúirt Teoranta faisnéis ónár gcuid úsáideoirí as ar féidir na daoine sin a aithint.

CLARÚ

Chun leas a bhain as an tseirbhís seo, ní foláir duit ar an gcéad dul síos do sheoladh ríomhphoist agus d'fhocal faire a chur ar fáil ar fhoirm chlárúcháin. Bainimid leas as an bhfaisnéis seo chun tú a aithint asat féin taobh istigh dár seirbhís agus chun teagmháil a dhéanamh leat i dtaobh na seirbhísí dár gcuid ar léirigh tú suim iontu. Ó am go chéile d'fhéadfaí go seolfaimis chugat eolas i dtaobh ár gcuidne táirgí, seirbhísí, agus feachtas.

SÍNTIÚS

Is seirbhís í eCourt a ngearrtar táille aisti. Mar bhall cláraithe, féadfar go n-iarraimid ort eolas a chur ar fáil dúinn ar féidir tú as aithint as, nó é a chur ar fáil do pháirtí eile a ainmneofar chun d'ordú a phróiseáil. Féadfar go n-iarrfar ort sonraí teagmhála a chur ar fáil (cosúil le hainm, ríomhphost, seoladh poist, nó ainm agus seoladh cuideachta) agus faisnéis airgeadais (ar nós uimhir chárta creidmheasa agus a dháta éaga). Bainimid leas as an eolas seo chun billí a ghearradh agus chun do chuid orduithe a phróiseáil. Má bhíonn deacracht againn le hordú a phróiseáil, féadfar go mbainimid leas as an eolas seo chun teagmháil a dhéanamh leat.

Cé nach gcoimeádaimid sonraí cártaí creidmheasa, féadfar go roinnfidimid sonraí eile de chuid ár gcustaiméirí le páirtithe eile a ainmneofar chun billí a ghearradh agus chuige sin amháin. Beidh dianchosc ar gach páirtí ainmnithe dá shórt an t-eolas seo a úsáid chun críche ar bith eile.

FÁISNÉIS AN CHUNTAIS

Tar éis duit clárú, féadfar go seolfaimid chugat eolas i ndáil le huasdhátú an táirge, táirgí nua, seirbhísí agus feachtais.

AN RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ (RIALACHÁN (AE) 2016/679) ('RGCS')

Ní le eCúirt Teoranta Inneachar ar bith atá agatsa, nó ag Úsáideoirí údaraithe eile, ar Sheirbhís eCúirt nó Inneachar a stóráilann tú nó Úsáideoirí údaraithe eile uirthi nó a phróiseálann tú nó Úsáideoirí údaraithe eile uirthi agus níl smacht ar bith againn ar aon Inneachar dá leithéid agus ní stiúramid aon ghníomhaíocht dá leithéid i ndáil leis an Inneachar. FANANN AN tINNEACHAR SEO I gCONAÍ AR DO GHAIREAS AGUS NÍ BHÍONN SÉ RIAMH AR WWW.ECOURT.IE.

Is tusa agus Úsáideoirí údaraithe eile amháin atá i dteideal rochtain a bheith agaibh ar inneachar dá leithéid agus é a aisghabháil, agus a úsáid a stiúradh. Níl a fhios ag eCúirt Teoranta cad é an t-inneachar atá stóraithe agat nó ag Úsáideoirí údaraithe eile nó atá á chur ar fáil agat nó ag Úsáideoirí údaraithe

eile agus ní bhíonn rochtain ag eCúirt Teoranta ar inneachar dá leithéid seachas mar a údaraíonn tú féin.

Toisc nach féidir le eCúirt Teoranta aon chuid den Inneachar a stóráiltear nó a phróiseáiltear ar do bhogearra eCourt a bhailiú nó cinneadh a dhéanamh i ndáil lena úsáid agus toisc nach gcinneann sí cad chuige nó conas a bhailítear an tInneachar sin, nó cé hiad úsáideoirí an Inneachair sin, ní fheidhmíonn eCúirt mar rialaitheoir sonraí maidir le RGCS agus níl na dualgais a eascraíonn ón RGCS dá réir uirthi.

Ní ceart eCúirt Teoranta a mheas mar phróiseálaí ach amháin thar ceann a cuid Cliant agus a cuid Úsáideoirí údaraithe i ndáil le hInneachar ar bith ina bhfuil sonraí pearsanta atá faoi réir an RGCS. Seachas mar a fhoráiltear dó sa Bheartas Príomháideachais seo, ní chúisíonn eCúirt Teoranta aisti féin aistriú Inneachar a bhfuil sonraí pearsanta ann agus atá stóráilte i ndáil le eCourt chuig tríú páirtithe nó go gcuirfí ar fáil do thríú páirtithe é ar aon slí eile, seachas chuig fo-chonraitheoirí ar ceadmhach dóibh sonraí dá leithéid a phróiseáil thar ceann eCúirt Teoranta i ndáil le soláthar seirbhísí eCúirt Teoranta chuig úsáideoirí nó úsáideoirí údaraithe. Is tusa amháin agus na hÚsáideoirí údaraithe amháin is féidir libh a leithéid de ghníomh a dhéanamh nó a údarú.

Is tusa agus/nó na hÚsáideoirí údaraithe na rialaitheoirí sonraí faoin Rialachán maidir le hInneachar ar bith a bhfuil Sonraí Pearsanta ann, rud a chiallaíonn go rialaíonn sibh an chaoi a mbailítear agus a n-úsáidtear Sonraí Pearsanta dá leithéid chomh maith leis na cinntí maidir le cad chuige agus conas a phróiseáiltear na Sonraí Pearsanta sin.

Níl eCúirt Teoranta freagrach as Inneachar na Sonraí Pearsanta atá ar do bhogearra eCourt de do dheoin féin nó de dheoin Úsáideoirí údaraithe ar bith eile agus níl eCúirt Teoranta freagrach ach oiread as caoi ar bith a mbailíonn, a scaipeann nó a bpróiseálann tú nó Úsáideoirí údaraithe ar bith eile eolas dá leithéid ar aon bhealach eile nó an chaoi a láimhsíonn sibh nochtú a leithéid d'eolas.

SUIRBHÉANNA NÓ COMÓRTAIS

Ó am go ham, féadfar go gcuirfimid ar fáil duit an deis páirt a ghlacadh i gcomórtas nó i suirbhéanna ar ár suíomh idirlín. Má ghlacann tú páirt iontu, féadfar go n-iarrfaimid ort eolas as ar féidir thú a aithint a chur ar fáil dúinn. Is fútsa atá sé go huile agus go hiomlán cé acu a ghlacfaidh tú páirt iontu nó nach nglacfaidh agus cé acu a chuirfidh nó nach gcuirfidh tú an t-eolas seo ar fáil. De ghnáth iarrfar sonraí teagmhála (ar nós ainm, sloinne agus seoladh poist), agus eolas déimeagrafach.

Bainimid leas as an eolas seo chun teagmháil a dhéanamh le buaiteoirí na gcomórtas agus le duaiseanna a bhronnadh, chun monatóireacht a dhéanamh ar thrácht ar an suíomh nó chun a suíomh a phearsanú (i gcás eolas anaithnid a bhailítear sna suirbhéanna), agus chun e-nuachtlitir a chur chuig rannpháirtithe.

Féadfar go mbainfimid leas as tríú páirtí chun dul i mbun na suirbhéanna nó na gcomórtas seo; beidh dianchosc ar an gcuideachta sin eolas ónár gcuid úsáideoirí as ar féidir iad a aithint a úsáid chun críche ar bith eile. Ní roinnfimid le páirtithe eile eolas, as ar féidir thú a aithint, a chuireann tú ar fáil mar chuid de chomórtas nó suirbhé mura dtugaimid fógra agus rogha ina thaobh sin duit roimh ré.

ÚSÁID FÁISNÉISE AGUS EOLAIS

Baineann eCúirt Teoranta leas as an eolas agus as an bhfáisnéis a bhailímid le go dtuigfimid dáileadh tíreolaíoch agus déimeagrafach ár gcuid úsáideoirí, chun ár gcuid táirgí a fheabhsú agus a thabhairt suas chun dáta chun freastal níos fearr ar riachtanais ár gcuid úsáideoirí, agus chun cumarsáid éifeachtach lenár gcuid custaiméirí a áisiú.

CUMARSÁID ÓN SUÍOMH IDIRLÍN

TAIRISCINTÍ SPEISIALTA AGUS UASDHÁTÚ

Cuirfimid chugat ó am go ham eolas maidir le táirgí, seirbhísí agus feachtais.

NUACHTLITREACHA

Más mian leat go seolfaí chugat nuachtlitreacha dár gcuid, féadfar go mbainfimid leas d’ainm nó do sheoladh ríomhphoist chun nuachtlitir a chur chugat. As meas ar do chuid príobháideachais, tugaimid an deis duit i gcónaí go mbainfí den liosta poist thú.

FÓGRAÍ MAIDIR LE SEIRBHÍSÍ

Cuirfimid chugat go hannamh, de réir mar is gá, fógraí a bhaineann go dlúth leis an tSeirbhís. Mar shampla, má chuirtear ár seirbhís ar fionraí go sealadach ar mhaithe le cothabháil, féadfar go gcuirfimid ríomhphost chugat. Tríd is tríd, ní féidir leat diúltú a bheith páirteach i ndáil leis na fógra seo, nach fógraí feachtais iad. Mura dteastaíonn uait na fógraí seo a fháil, tá an rogha agat deireadh a chur le do chuntas linn.

SEIRBHÍS CHUSTAIMÉIRÍ

Bunaithe ar an eolas a chuireann tú chugainn, as ar féidir thú a aithint, féadfar go gcuirfimid ríomhphost fáiltithe chugat chun d’ainm úsáideora agus d’fhocal faire a dheimhniú. Féadfar freisin go ndéanfaimid cumarsáid leat mar fhreagra ar cheisteanna uait, chun na seirbhísí a lorgaíonn tú a chur ar fáil duit, agus chun do chuntas a bhainistiú. Déanfaimid cumarsáid leat tríd an ríomhphost nó thar an nguthán, de réir na mianta a chuir tú in iúl nuair a chláraigh tú.

COMHAID LOGÁLA

Bailímid eolas áirithe go huathoibríoch agus stóráiltear i gcomhaid logála é, rud a tharlaíonn le formhór na suíomhanna idirlín. Folaíonn an t-eolas seo seoltaí prótacal idirlín (PI), cineál brabhsálaí, soláthróir seirbhíse Idirlín (SSI), leathanaigh thagarthacha/scoir, córas oibriúcháin, stampa dáta/ama, agus sonraí conair chliceála.

Úsáidimid an t-eolas seo, nach dtugann le fios cé iad na húsáideoirí aonair, chun anailís a dhéanamh ar threochtaí, chun an suíomh a riaradh, chun gluaiseachtaí úsáideoirí timpeall an tsuímh a rianú agus chun eolas déimeagrafach a bhailiú faoinár gcuid úsáideoirí mar ghrúpa. Ní nascaimid na sonraí seo a bhailítear go uathoibríoch le heolas as ar féidir daoine a aithint.

FIANÁIN

Is comhad beag téacs é fianán a stóráiltear ar ríomhaire an úsáideora ar mhaithe le taifead a choimeád. Bainimid leas as fianáin neamhbhuana agus/nó as fianáin sheasmhacha ar aon agus ár seirbhísí á soláthar againn. Bainimid leas as fianáin neamhbhuana chun é a dhéanamh níos fusa duit ár suíomh a úsáid. Imíonn fianán neamhbhuan in éag nuair a dhúnann tú do brabhsálaí. Fanann fianán seasmhach ar do thiomántán (diosca) crua ar feadh tamaill fhada. Is féidir fianáin sheasmhacha a ghlanadh de do thiomántán crua ach na treoracha ar chomhad “cabhair” do bhrabhsálaí idirlín a leanúint. Tá tuilleadh eolais faoin fhianáin ar fáil ag http://en.wikipedia.org/wiki/HTTP_cookie.

Cuirimid fianáin sheasmhacha chun cabhrú le fíordheimhniú agus le próisis eile. Cuireann fianáin sheasmhacha ar ár gcumas sainshuimeanna ár gcuid úsáideoirí a rianú agus díriú orthu chun taithí an úsáideora ar an suíomh a fheabhsú.

Bainimid leas as seirbhís rianúcháin tríú páirtí (Google Analytics) a bhaineann leas as fianáin agus as comhaid logála chun eolas, nach féidir daoine a aithint as, a rianú maidir le cuairteoirí ar an suíomh mar ghrúpa.

Má dhiúltaíonn tú do na fianáin, ní bheidh tú in ann leas a bhaint as ár suíomh nó b'fhéidir nach mbeidh cuid d'fheidhmeanna an tsuímh ar fáil duit.

PRÓIFÍL

Stórálaimid eolas a bhailímid leis na fianáin agus leis na comhaid logála chun “próifíl” a chruthú maidir le do chuid sainroghanna pearsanta. Ní cheanglaímid eolas as ar féidir thú as aithint leis an bpróifíl. Bainimid leas as an eolas seo chun an tseirbhís idirlín seo a eascú duit ar nós cuimhneamh ar do chuid sonraí logála nuair a logálann tú isteach.

Ní roinnimid do phróifíl le páirtithe eile.

EOLAS A ROINNT AGUS NOCHTÚ

EOLAS COMHIOMLÁN (NACH FÉIDIR DAOINE A AITHINT AS)

Féadfar go roinnfidimid eolas comhiomlán déimeagrafach faoinár gcuid úsáideoirí mar ghrúpa lenár bpáirtnéirí agus lenár gcuid fógróirí. Ní féidir úsáideoirí aonair aithint as an eolas seo. Ní nascaimid eolas comhiomlán i ndáil le húsáideoirí le heolas as ar féidir daoine a aithint.

GNÍOMHAIRÍ

Bainimid leas as cuideachta seachtarach próiseála cártaí creidmheasa chun táillí a ghearradh as seirbhísí ar do chuntas.

SÉANADH DLÍTHIÚIL

Forchoiméadaimid an ceart chun eolas as ar féidir thú a aithint a nochtú de réir mar a éilíonn an dlí agus sa chás go gcreidimid gur gá an nochtú sin chun ár gcearta a chosaint agus/nó chun déanamh de réir imeachtaí dlí, ordú cúirte, subpoena, nó próis dlí a sheirbheáiltear ar ár gcuid seirbhísí.

NAISC CHUIG SUÍOMHANNA EILE

Féadfar go mbeidh naisc chuig suíomhanna eile sa tseirbhís seo, suíomhanna nach le eCúirt Teoranta iad agus nach bhfuil smacht againn orthu. Coimeád i gcuimhne, le do thoil, nach bhfuilimidne, eCúirt Teoranta, freagrach as cleachtais phríobháideachais na suíomhanna eile seo. Molaimid duit a bheith san airdeall nuair a imíonn tú ón tseirbhís againne agus ráitis phríobháideachais gach aon seirbhíse a bhailíonn eolas as ar féidir daoine a aithint a léamh. Baineann an ráiteas príobháideachais seo le heolas a bhailíonn an tseirbhís againne agus leis an eolas sin amháin.

BLAGANNA

Má chrochann tú ábhar ar bhlag, ar chlár fógraí nó i seomra comhrá ar an tSeirbhís againne, bíodh a fhios agat go bhféadfar eolas ar bith, as ar féidir thú a aithint, a chrochann tú amhlaidh a léamh agus a bhailiú, nó go bhféadfaidh úsáideoirí eile leas a bhaint as, agus go bhféadfaí leas a bhaint as a leithéid chun teachtaireachtaí gan iarraidh a chur chugat. Nílimid freagrach as an eolas as ar féidir thú a aithint a roghnaíonn tú a chrochadh ar na fóraim seo.

ROCHTAIN AR EOLAS AS AR FÉIDIR DAOINE A AITHINT

Má thagann athrú ar an eolas as ar féidir thú a aithint, nó mura mian leat ár seirbhís níos mó, féadfaidh tú an t-eolas sin a cheartú, a uasdhátú, a scriosadh nó a dhíghníomhachtú trí na hathruithe cuí a dhéanamh ar an leathanach a bhaineann le heolas ar do chuntas nó trí ríomhphost a chur chuig ár Seirbhís Tacaíochta do Chustaiméirí ag support@ecourt.ie.

SLÁNDÁIL

Tá slándáil an eolais as ar féidir tú a aithint tábhachtach dúinn. Cuirimid i bhfeidhm cleachtais a nglactar go coitianta leo sa tionscal seo chun eolas, as ar féidir daoine a aithint agus a chuirtear ar fáil dúinn, a cosaint le linn é a chur ar fáil agus nuair a fhaighimid é. Níl modh seachadtha ar bith thar an Idirlín nó modh stórála leictreonach ar bith 100% slán sábháilte. Dá bhrí sin, in ainneoin ár ndíochill chun modhanna inghlactha tráchtála a chur ag obair chun do chuid faisnéise pearsanta a chosaint, ní féidir linn ráthaíocht a thabhairt faoina shlándáil absalóideach.

Nuair a iontrálann tú eolas íogair (ar nós uimhir do chárta creidmheasa) le linn an phróisis íocaíochta, criptímid an t-eolas sin agus bainfimid leas as Slándáil Shraith an Iompair (SSI) chun a shábháilteacht a chinntiú. Chun tuilleadh a fhoghlaim faoi SSI lean an nasc seo: https://en.wikipedia.org/wiki/Transport_Layer_Security.

Má bhíonn ceist ar bith agat faoi shlándáil ár seirbhísí, féadfaidh tú ríomhphost a chur chugainn ag support@ecourt.ie.

AISTRÍÚ GNÓ

Má théann eCúirt Teoranta trí aistriú gnó cosúil le cumasc le cuideachta eile nó éadail ag cuideachta eile, nó díol ár gcuid sócmhainní, nó cuid acu, is dócháil go mbeidh eolas as ar féidir thú a aithint i measc na sócmhainní a aistreofar. Cuirfear ar an eolas thú le ríomhphost agus le fógra feiceálach ar ár suíomh idirlín taobh istigh de 30 lá ó aon athrú úinéireachta nó smachta dá leithéid ar do chuid eolas pearsanta.

ATHRUITHE SA RÁITEAS PRÍOBHÁIDEACHAIS SEO

Má bheartaímid ár mbeartas príobháideachais a athrú, crochfaimid na hathruithe sin ar an ráiteas príobháideachais seo, ar an leathanach baile, nó in áiteanna eile cuí dar linn, chun go mbeidh tú ar an eolas faoi cad é an t-eolas a bhailímid, conas a úsáidimid é, agus na cúinsí (más ann) faoina ndéanaimid é a nochtú.

Forchoimeáidimid an ceart chun an ráiteas príobháideachais seo a leasú ag am ar bith, mar sin, iarraidimid ort é a athbhreithniú go minic le do thoil. Má dhéanaimid athruithe ábhartha ar an mbeartas seo, cuirfimid in iúl duit anseo é, le ríomhphost, nó le fógra ar ár leathanach baile.